**1 (a)** Bain úsáid as na focail atá curtha ar fáil sa bhosca leis na habairtí thíos a chomhlánú. Níl cead agat gach focal a úsáid ach **aon uair amháin**.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **fuaim** | **uisce** | **tonnchreathanna** | **ultrafhuaim** | **minicíocht** |
| **comhthreomhar** | **ag bogadh** | **ingearach** | **leictreamaighnéadach** | |


Aistríonn tonnta fuinneamh ó phointe amháin go pointe eile trí _______________ a úsáid. Is samplaí de thrastonnta iad tonnta __________________ agus tonnta __________________ araon.

Is samplaí d'fhadtonnta iad tonnta __________________ agus tonnta __________________ araon.

Bíonn cáithníní i bhfadtonn ag crith __________________ leis an treo ina bhfuil an tonn ag taisteal.

Is é is __________________ toinne ann, ná líon na dtonnta a théann thart ar phointe in aon soicind amháin. [7]

**2** **(a)** Tarraingíonn dalta ga-léaráid le frithchaitheamh i scáthán plánach a thaispeáint.




Ar an gha fhrithchaite, cuir saighead isteach leis an treo a bhfuil an solas ag taisteal a thaispeáint.

Cad é uillinn an fhrithchaithimh?

Cuir tic (✓) sa bhosca cheart.

- ☐ 0°
- ☐ 20°
- ☐ 55°
- ☐ 90°

Cad é an t-ainm a thugtar ar an líne poncanna atá lipéadaithe X ar an gha-léaráid?

Cuir tic (✓) sa bhosca cheart.

- ☐ An ga ionsaitheach
- ☐ An normal
- ☐ An ga frithchaite

[3]

